



BREITHIÚNAS NA CÚIRTE GINEARÁLTA (an Dara Dlísheomra, ina shuí le cúigear Breithiúna)

22 Aibreán 2026*

(Tarchur chun réamhrialú – Cánachas – Comhchóras cánach breisluacha (CBL) – Méid inchánach – Laghdú i gcás cealú, diúltú, neamhíocaíocht nó laghdú ar an bpraghas – Airteagal 90(1) de Threoir 2006/112 – Éileamh arna fháil ag fochonraitheoir ar éileamh atá i seilbh conraitheora i gcoinne an fhorbróra – Éileamh do-aisghabhála – Ceart an fhochonraitheora leas a bhaint as an laghdú ar an méid inchánach)

I gCás T-233/25,

IARRAIDH ar réamhrialú faoi Airteagal 267 CFAE, ó Curtea de Apel Cluj (an Chúirt Achomhairc, Cluj, an Rómáin), trí bhreith an 24 Feabhra 2025, a fuarthas ag an gCúirt an 25 Márta 2025, sna himeachtaí

Mokoryte SRL

v

Direcția Generală Regională a Finanțelor Publice Cluj-Napoca,

Ministerul Finanțelor – Direcția Generală de Soluționare a Contestațiilor,

Administrația Județeană a Finanțelor Publice Cluj,

tugann AN CHÚIRT GHINEARÁLTA (an Dara Dlísheomra, ina shuí le cúigear Breithiúna),

agus í comhdhéanta mar seo a leanas: N. Póltorak, Uachtarán an Dlísheomra, G. Hesse, G. Steinfatt, D. Petrík agus I. Dimitrakopoulos (Rapóirtéir), Breithiúna,

Abhcóide Ginearálta: M. Brkan,

Cláraitheoir: V. Di Bucci,

ag féachaint do tharchur na hiarrata ar réamhrialú chuig an gCúirt Ghinearálta an 10 Aibreán 2025, de bhun an tríú mír d’Airteagal 50b de Reacht Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh,

ag féachaint don ábhar dá dtagraítear i bpointe (a) den chéad mhír d’Airteagal 50b de Reacht Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh agus don easpa aon cheist neamhspleách léirithe de réir bhrí an dara mír d’Airteagal 50b den Reacht sin,

* Teanga an cháis: an Rómáinis.

ag féachaint don nós imeachta i scríbhinn,

tar éis breithniú a dhéanamh ar na barúlacha arna dtíolacadh thar ceann na bpáirtithe seo a leanas:

- Rialtas na Rómáine, ag E. Gane, M. Chicu agus L. Ghiță, i gcáil Gníomhairí,
- Rialtas na hUngáire, ag R. Kissné Berta agus M. Fehér, i gcáil Gníomhairí,
- an Coimisiún Eorpach, ag P. Carlin agus T. Isacu de Groot, i gcáil Gníomhairí,

tar éis cinneadh a dhéanamh, i ndiaidh an tAbhcóide Ginearálta a éisteacht, breith a thabhairt ar an gcás gan Tuairim,

an Breithiúnas seo a leanas:

Breithiúnas

- 1 Baineann an iarraidh ar réamhrialú le léiriú ar Airteagal 90 de Threoir 2006/112/CE ón gComhairle an 28 Samhain 2006 maidir leis an gcomhchóras cánach breisluacha (IO 2006 L 347, lch. 1, ‘an Treoir maidir le CBL’).
- 2 Rinneadh an iarraidh seo in imeachtaí idir Mokoryte SRL agus an Direcția Generală Regională a Finanțelor Publice Cluj-Napoca (Árd-Stiúrthóireacht Réigiúnach um Airgeadas Poiblí, Cluj-Napoca, an Rómáin), Ministerul Finanțelor – Direcția Generală de Soluționare a Contestațiilor (an Aireacht Airgeadais – an Árd-Stiúrthóireacht um Réiteach Díospóidí, an Rómáin) agus an Administrația Județeană a Finanțelor Publice Cluj (Stiúrthóireacht Réigiúnach um Airgeadas Poiblí Cluj, an Rómáin) maidir le diúltú laghdú a dheonú don chuideachta sin ar an méid inchánach le haghaidh cáin bhreisluacha (CBL) agus aisíocaíocht na cánach sin tar éis neamhíocaíocht éilimh.

An dlí lena mbaineann

Dlí an Aontais Eorpaigh

- 3 Luaitear an méid seo a leanas in Airteagal 2(1) den Treoir maidir le CBL:

‘Beidh na hidirbhearta seo a leanas faoi réir CBL:

[...]

- (c) soláthar seirbhísí arna dhéanamh ar comaoin laistigh de chríoch Bhallstáit ag duine inchánach ag gníomhú sa cháil sin.’

[Aistriúchán neamhoifigiúil]

4 Foráiltear mar seo a leanas sa chéad fhomhír d’Airteagal 9(1) den Treoir sin:

‘Ciallaíonn “duine inchánach” aon duine a dhéanann, go neamhspleách, aon ghníomhaíocht eacnamaíoch in aon áit, is cuma cad é cuspóir nó torthaí na gníomhaíochta sin.’

[Aistriúchán neamhoifigiúil]

5 Foráiltear le hAirteagal 28 den Treoir maidir le CBL:

‘I gcás ina nglacann duine inchánach atá ag gníomhú ina ainm féin ach thar ceann duine eile páirt i soláthar seirbhísí, measfar go bhfuair sé féin na seirbhísí sin agus gur sholáthair sé iad.’

[Aistriúchán neamhoifigiúil]

6 Is mar seo a leanas atá an fhoclaíocht in Airteagal 63 den Treoir maidir le CBL:

‘Tarlóidh an teagmhas inmhuirearaithe agus beidh CBL inmhuirearaithe nuair a sholáthrófar na hearraí nó na seirbhísí.’

[Aistriúchán neamhoifigiúil]

7 Foráiltear an méid seo a leanas in Airteagal 73 den Treoir maidir le CBL:

‘Maidir le soláthar earraí nó seirbhísí, seachas an soláthar earraí agus seirbhísí sin dá dtagraítear in Airteagail 74 go 77, áireofar leis an méid inchánach gach aon ní a bhfuil i gceist leo comaoín a gheobhaidh an soláthraí nó atá le fáil aige, i gcomaoín soláthair, ón gcustaiméir nó ó thríú páirtí, lena n-áirítear fóirdheontais atá nasctha go díreach le praghas an tsoláthair.’

[Aistriúchán neamhoifigiúil]

8 Luaitear an méid seo a leanas in Airteagal 90 den Treoir maidir le CBL:

‘1. I gcás cealúcháin, diúltú, nó neamhíocaíochta go hiomlán nó go páirteach, nó i gcás go laghdófar an praghas tar éis don soláthar tarlú, laghdófar an méid inchánach, dá réir sin, faoi choinníollacha arb iad na Ballstáit féin a chinnfidh iad.

2. I gcás neamhíocaíocht iomlán nó páirteach, féadfaidh na Ballstáit maolú a dhéanamh ar mhír 1.’

[Aistriúchán neamhoifigiúil]

9 Is mar seo a leanas atá an fhoclaíocht in Airteagal 185 den Treoir maidir le CBL:

‘1. Déanfar an coigeartú, go sonrach, tar éis thaisceadh an tuairisceáin CBL, go ndéantar roinnt athruithe sna fachtóirí atá á n-úsáid chun an méid atá le hasbhaint a chinneadh, mar shampla i gcás go gcealaítear ceannacháin nó go bhfaightear laghduithe sa phraghas.

2. De mhaolú ar mhír 1, ní dhéanfar aon choigeartú i gcás idirbhearta atá fós gan íoc go hiomlán nó go páirteach, nó i gcás scriosadh, cailliúint nó goid na maoine a chruthaítear nó a dheimhnítear go cuí, nó i gcás earraí atá curtha in áirithe chun críoch bronntanais ar luach beag a thabhairt nó samplaí a bhronnadh, dá dtagraítear in Airteagal 16.

I gcás idirbhearta, áfach, atá fós gan íoc go hiomlán nó go páirteach nó i gcás gadaíochta, féadfaidh Ballstáit a éileamh go ndéanfar coigeartú.'

[Aistriúchán neamhoifigiúil]

Dlí na Rómáine

- 10 Foráiltear le hAirteagal 287 de Legea nr. 227/2015 privind Codul fiscal (Dlí Uimh. 227/2015 lena mbunaítear an Cód Cánach) an 8 Meán Fómhair 2015 (*Monitorul Oficial al României*, Cuid I, Uimh. 688, an 10 Meán Fómhair 2015), sa leagan is infheidhme maidir leis an díospóid sna príomhimeachtaí ('an Cód Cánach') mar seo a leanas:

'Laghdófar méid inchánach [CBL] sna cásanna seo a leanas:

[...]

(d) i gcás nach féidir an chomaoín i leith na n-earraí nó na seirbhísí arna soláthar a fháil tar éis fhéimheacht an tairbhí nó tar éis plean atheagrúcháin a chur chun feidhme, ar plean é ar glacadh leis agus a deimhníodh le breithiúnas, lena ndéantar éileamh an chreidiúnaí a mhodhnú nó a dhíchur. Ceadaítear tabhairt chun rialtacht a ó dháta an bhreithiúnais lena ndeimhnítear an plean atheagrúcháin agus, i gcás fhéimheacht an tairbhí, ó dháta an bhreithiúnais nó, i gcás inarb infheidhme, ón ordú réasúnaithe, lena cinneadh an fhéimheacht, i gcomhréir leis an dlí dócmhainneachta. Déanfar an tabhairt chun rialtacht a laistigh de 5 bliana ón 1 Eanáir den bhliain tar éis bhliain an bhreithiúnais lena ndeimhnítear an plean atheagrúcháin, nó na bliana inar cinneadh an fhéimheacht le breithiúnas nó, de réir mar a bheidh, le hordú réasúnaithe. Má tharla an dócmhainneacht roimh an 1 Eanáir 2019 agus mura mbeidh an breithiúnas críochnaitheach agus neamh-inchúlghairthe lena ndúntar na himeachtaí dá bhforáiltear leis an Dlí Dócmhainneachta tugtha roimh an dáta sin, déanfar an tabhairt chun rialtacht a laistigh de 5 bliana ón 1 Eanáir 2019. [...]

- 11 Foráiltear le pointe 32 den Hotărârea Guvernului nr. 1/2016 pentru aprobarea Normelor metodologice de aplicare a Legii nr. 227/2015 privind Codul fiscal (Cinneadh Rialtais Uimh. 1/2016 lena bhformheastar na rialacha modheolaíochta chun Dlí Uimh. 227/2015 lena mbunaítear an Cód Cánach a chur i bhfeidhm), an 6 Eanáir 2016 (*Monitorul Oficial al României*, Cuid I, Uimh. 22, an 13 Eanáir 2016) mar seo a leanas:

'(1) Sna cásanna dá bhforáiltear in Airteagal 287 den Chód Cánach, déanfaidh soláthróirí earraí agus/nó seirbhísí a méid inchánach a choigeartú tar éis an soláthar a dhéanamh nó tar éis an soláthar a shonrascadh, fiú mura ndearnadh an soláthar, ach go dtarlaíonn na teagmhais dá dtagraítear in Airteagal 287 den Chód Cánach tar éis an cháin [bhreisluacha] a shonrascadh agus a iontráil i dtaifid an duine inchánach. Chuige sin, ní mór do sholáthróirí sonraisc a eisiúint a sheolfar chuig an tairbhí freisin, leis na luachanna a thaispeántar leis an gcomhartha lúide nuair a laghdaítear an méid inchánach nó, i gcás inarb iomchuí, gan an comhartha sin, má mhéadaítear an méid inchánach. Tá feidhm ag forálacha na míre seo freisin maidir le soláthairtí laistigh den Chomhphobal.

[...]

- 12 Foráiltear le hAirteagal 1.568 de Legea nr. 287/2009 privind Codul (Dlí Uimh. 287/2009 lena mbunaítear Cód Sibhialta na Rómáine), an 17 Iúil 2009, sa leagan is infheidhme maidir leis an díospóid sna príomhimeachtaí (Monitorul Oficial al României, Cuid I, Uimh. 505 an 15 Iúil 2011, ‘an Cód Sibhialta’) mar seo a leanas:

‘(1) aistreofar sannadh éilimh chuig an sannaí:

(a) na cearta uile san éileamh arna shannadh arb é an sannóir an sealbhóir orthu;

(b) ceart comhthaobhachta agus gach gabhálas eile a ghabhann leis an éileamh arna shannadh.

[...]

- 13 Luaitear an méid seo a leanas in Airteagal 1.851 den Chód Sibhialta:

‘(1) Faoin gconradh oibreacha, geallann an conraitheoir, ar a riosca féin, obair fhisiceach nó intleachtúil shonrach a dhéanamh nó seirbhís shonrach a sholáthar don tairbhí ar phraghas.

(2) Beidh feidhm ag forálacha an Ailt seo dá réir sin freisin maidir leis an ngnóthas foirgníochta, má tá siad ag luí leis na rialacha speisialta a leagtar síos don chonradh sin.’

- 14 De réir Airteagal 1.852 den Chód Sibhialta:

‘(1) Trí fhochonradh, féadfaidh an conraitheoir comhlíonadh codanna nó gnéithe den obair nó de na seirbhísí a chur de chúram ar fhochonraitheoir amháin nó níos mó, ach amháin má tugadh an conradh seirbhíse i gcrích i gcomaoin an duine.

(2) agus é ag déileáil leis an tairbhí, tá an conraitheoir faoi dhliteanas as gníomhaíochtaí an fhochonraitheora ar an mbealach céanna agus atá sé faoi dhliteanas as a ghníomhaíochtaí féin.

(3) beidh fochonraitheoireacht faoi réir na bhforálacha a leagtar síos don chonradh seirbhíse.’

An díospóid sna príomhimeachtaí agus na ceistanna a tharchuirtear le haghaidh réamhrialú

- 15 An 9 Feabhra 2007, thug CBC Development Design SRL (‘an forbróir’) conradh oibreacha i gcrích le Modern Bau SRL (‘an conraitheoir’) le haghaidh tionscadal lárionaid gnó in Cluj-Napoca (an Rómáin). Chuir an conraitheoir feidhmiú na n-oibreacha tógála a bhaineann leis an ionad gnó sin de chúram ar Mokoryte (‘an fochonraitheoir’) faoi fhochonradh a tugadh i gcrích an 7 Samhain 2007.
- 16 Le breithiúnas an 10 Nollaig 2014, dhearbhaigh Tribunalul Specializat Cluj (an Chúirt Speisialaithe, Cluj, an Rómáin) go raibh an forbróir dócmhainneach. Tar éis iarraidh a taisceadh an 22 Nollaig 2014, cláraíodh éileamh an chonraitheora i gcoinne an fhorbróra, a eascraíonn as an gconradh oibreacha dá dtagraítear i mír 15 thuas, in eastát dócmhainneachta an fhorbróra ar mhéid 9401352,39 lei na Rómáine (RON) (thart ar EUR 1 843 000).
- 17 Ós rud é nár íoc an conraitheoir féin a fhiacha leis an bhfochonraitheoir, a eascraíonn as an bhfochonradh dá dtagraítear i mír 15 den bhreithiúnas seo, thug an fochonraitheoir sin caingean os comhair Tribunalul Specializat Cluj (an Chúirt Speisialaithe, Cluj) an 29 Nollaig 2014 ag lorg

ordú lena gceanglaítear ar an gconraitheoir suim RON 1 970 819,76 (thart ar EUR 386 000), lena n-áirítear CBL, a íoc leis, a chomhfhreagraíonn do mhéid na sonrasc a d'eisigh sé de bhun an chonartha sin. Bhailigh an fochonraitheoir CBL ar na sonraisc sin.

- 18 De bhun bhreithiúnas an 4 Meán Fómhair 2015 a thug Tribunalul Specializat Cluj (an Chúirt Speisialaithe, Cluj), tar éis comhaontú idirghabhála an 24 Iúil 2015, d'íoc an conraitheoir leis an bhfochonraitheoir, chun cuid dá fhiacha a shocrú, méid RON 270 819,76 (thart ar EUR 53 000), lena n-áirítear CBL. Don chuid eile den fhiachas sin, a chomhfhreagraíonn do RON 1 700 000 (thart ar EUR 333 000), CBL san áireamh, thug an dá chuideachta tasc i gcrích, a fíordheimhníodh an 24 Iúil 2015, trína bhfuair an fochonraitheoir éileamh an chonraitheora i gcoinne an fhorbróra.
- 19 Tar éis shannadh an éilimh sin, leasaíodh sceideal críochnaitheach na n-éileamh a áirítear in eastát dócmhainneachta an fhorbróra chun méid RON 1 700 000 a iontráil san fhochonraitheoir, CBL san áireamh. Le breithiúnas an 28 Aibreán 2021, d'hearbhaigh Tribunalul Specializat Cluj (an Chúirt Speisialaithe, Cluj) gur dúnadh imeachtaí dócmhainneachta an fhorbróra agus d'ordaigh sé go mbainfí an forbróir den chlár tráchtála, gan an fiachas a eascraíonn as an gconradh oibreacha a tugadh i gcrích leis an gconraitheoir a bheith urscaoilte ag an bhforbróir.
- 20 An 9 Nollaig 2021, d'eisigh an fochonraitheoir cúig shonrasc cealaithe a díriodh chuig an bhforbróir chun cúig shonrasc a sheol an conraitheoir in 2009 chuig an bhforbróir a chur ar ceal chun na hoibreacha dá bhforáiltear sa chonradh oibreacha a dhéanamh. Bhí tagairt sna sonraisc chealaithe sin do 'Airteagal 287(d)', foráil den Chód Cánach, a bhaineann le coigeartú an mhéid inchánach le haghaidh CBL i gcás, *inter alia*, nár íocadh praghas na n-earraí nó na seirbhísí arna soláthar mar thoradh ar dhócmhainneacht an tairbhí. Rinne an fochonraitheoir, ar bhonn na forála sin, laghdú RON 265 358 (thart ar EUR 52 000) ar an CBL bailithe a dearbhaíodh ina thuairisceán CBL don cheathrú ráithe de 2021. Ós rud é gur léirigh an tuairisceán sin iarmhéid diúltach CBL, d'iarr sé aisíocaíocht ar an iarmhéid sin.
- 21 Bhí an fochonraitheoir faoi réir cigireacht chánach chun a thuairisceán CBL a phróiseáil don cheathrú ráithe de 2021. Mheas an t-údarás cigireachta chánach nach bhféadfadh sé tairbhe a bhaint as an gcoigeartú dá bhforáiltear in Airteagal 287(d) den Chód Cánach agus nach raibh údar leis an laghdú ar an CBL bailithe, a rinne sé sa tuairisceán CBL sin, ar an bhforas, go bunúsach, nárbh é tairbhí a sheirbhísí an forbróir ach an conraitheoir agus nach bhféadfadh ach an conraitheoir coigeartú a éileamh tar éis dhócmhainneacht an fhorbróra.
- 22 Le fógra measúnaithe cánach an 2 Márta 2022, ghearr Riarachán Airgeadais Phoiblí Ceantair Cluj méid iomlán RON 265 358 ar an bhfochonraitheoir trí bhíthin CBL. Thairis sin, diúltaíodh don iarratas ar aisíocaíocht CBL a chuir an fochonraitheoir isteach.
- 23 Rinne an fochonraitheoir gearán i gcoinne an fhógra measúnaithe cánach dá dtagraítear i mír 22 thuas, ar diúltaíodh dó le cinneadh an 25 Aibreán 2023 arna eisiúint ag an Aireacht Airgeadais – an Ard-Stiúrthóireacht um láimhseáil gearán, lenar formhuiníodh seasamh an údaráis cigireachta cánach. An 1 Lúnasa 2023, thug an fochonraitheoir caingean os comhair Tribunalul Cluj (an Chúirt Réigiúnach, Cluj, an Rómáin), ag iarraidh go gcuirfí cinneadh an 25 Aibreán 2023 agus fógra measúnaithe cánach an 2 Márta 2022 ar neamhní.
- 24 Ós rud é gur dhiúltaigh Tribunalul Cluj (an Chúirt Réigiúnach, Cluj) don chaingean sin an 14 Meitheamh 2024, rinne an fochonraitheoir achomharc ar phointe dlí os comhair Curtea de Apel Cluj (an Chúirt Achomhairc, Cluj, an Rómáin), arb í an chúirt a rinne an tarchur í.

25 Tugann an chúirt a rinne an tarchur faoi deara, tráth eisiúna na sonrasc cealaithe a seoladh chuig an bhforbróir (féach mír 20 thuas), go bhféadfaí a mheas gur léir nach raibh an fochonraitheoir in ann an t-éileamh a bhí aige i gcoinne an fhorbróra a aisghabháil, agus nár tháinig an t-údarás cánach ar intinn chalaoiseach nuair a shann an conraitheoir an t-éileamh sin. Fiafraíonn an chúirt sin an gá Airteagal 90(1) den Treoir maidir le CBL a léiriú sa chaoi nach bhféadfaidh ach an duine inchánach atá faoi dhliteanas CBL a íoc a sholáthair na hearraí nó na seirbhísí as ar eascair an t-éileamh sin coigeartú a dhéanamh ar an méid inchánach dá bhforáiltear léi i gcás neamhiocaíocht éilimh, nó an féidir le duine inchánach tríú páirtí ar shann an duine inchánach atá faoi dhliteanas CBL a íoc an t-éileamh sin dó an coigeartú sin a dhéanamh freisin. Tugann sí dá haire, go háirithe, gur cosúil go bhfuil an srian ar an gceart chun an méid inchánach a choigeartú do sholáthróir na n-earraí nó na seirbhísí amháin i gcomhréir le forálacha Airteagal 73 den Treoir sin, lena sainmhínítear an méid inchánach sin mar an chomaoín a fuair an soláthróir nó atá le fáil aige, ach go bhféadfadh sé a bheith ag teacht salach ar phrionsabal na neodrachta CBL, lena gceanglaítear go scaoilfear an duine inchánach go hiomlán ó ualach na cánach atá dlite nó íoctha le linn a ghníomhaíochtaí eacnamaíocha.

26 Sna himthosca sin, chinn Curtea de Apel Cluj (an Chúirt Achomhairc, Cluj) bac a chur ar na himeachtaí agus na ceisteanna seo a leanas a tharchur chuig an gCúirt Bhreithiúnais le haghaidh réamhrialú:

‘I gcomhthéacs caidreamh conarthach a eascraíonn as conradh oibreacha agus fochonradh ina dhiaidh, ina sanntar éileamh idir an conraitheoir agus an fochonraitheoir, lena bhfaigheann an fochonraitheoir éileamh i gcoinne thairbhí deiridh na n-oibreacha, an gcuirtear cosc le hAirteagal 90 den [Treoir maidir le CBL] ar an bhféidearthacht don fhochonraitheoir sannaí an méid inchánach le haghaidh CBL a choigeartú?’

An cheist a tharchuirtear

27 Lena ceist, fiafraíonn an chúirt a rinne an tarchur, go bunúsach, an bhfuil Airteagal 90(1) den Treoir maidir le CBL le léiriú sa chaoi go gcuirtear cosc leis ar fhochonraitheoir, a fuair, tríd an éileamh atá ag conraitheoir i gcoinne forbróir faoi chonradh oibreacha a shannadh, an méid inchánach a choigeartú chun críocha CBL i gcás nach n-íocann an forbróir sin an t-éileamh sin.

28 Foráiltear le hAirteagal 90(1) den Treoir sin, a bhaineann le cásanna cealaithe, diúltaithe nó neamhiocaíochta iomláine nó páirtí, nó i gcás ina laghdaítear an praghas tar éis an soláthar a dhéanamh, go laghdófar an méid inchánach agus, dá bhrí sin, an méid CBL is iníoctha ag an duine inchánach i gcás, tar éis idirbheart inchánach a thabhairt i gcrích, nach bhfuair an duine inchánach cuid den chomaoín nó an chomaoín ar fad. Léirítear san fhoráil sin ceann de bhunphrionsabail na Treorach sin, prionsabal na neodrachta fiosaí, ar dá réir gurb é an méid inchánach an chomaoín a fuarthas go hiarbhír agus arb é a chomhthoradh nach bhféadfaidh an t-údarás cánach méid CBL a bhailiú atá níos mó ná an cháin a fhaigheann an duine inchánach (breithiúnas an 9 Feabhra 2023, *Euler Hermes*, C-482/21, EU:C:2023:83, mír 32).

29 I bhfianaise fhoclaíocht Airteagal 90(1) den Treoir maidir le CBL, agus phrionsabal na neodrachta fiosaí, ní mór na foirmiúlachtaí atá le comhlíonadh ag daoine inchánach chun an ceart chun laghdú a dhéanamh ar an méid inchánach CBL a fheidhmiú i leith na n-údarás cánach a theorannú dóibh siúd lena féidir cruthúnas a chur ar fáil, tar éis idirbheart a thabhairt i gcrích, nach bhfaighfear cuid den chomaoín nó an chomaoín ar fad go cinntitheach (breithiúnas an 9 Feabhra 2023, *Euler Hermes*, C-482/21, EU:C:2023:83, mír 33).

- 30 Mar sin féin, tagann an cheist chun cinn an mbaineann an ceart chun laghdú den sórt sin a dhéanamh le daoine inchánach amháin a rinne an t-idirbheart inchánach a bhfuil an chomaoín dlite ina leith agus atá, ar an mbonn sin, faoi dhliteanas CBL nó an mbaineann an ceart sin freisin le daoine inchánach tríú páirtí ar shann na daoine inchánacha sin an t-éileamh a chomhfhreagraíonn don chomaoín sin dóibh.
- 31 I ndáil leis sin, ba cheart a thabhairt faoi deara, maidir le ról ‘daoine inchánach’, de réir an chásdlí, nach bhfuil sé sin teoranta do ról bailitheoirí cánach CBL. I gcomhréir le hAirteagal 193 den Treoir maidir le CBL, tá an oibleagáid CBL a íoc – nó, ar a laghad, CBL aschuir – dírithe orthu, i bprionsabal, agus soláthar inchánach earraí nó seirbhísí á dhéanamh acu, agus níl an oibleagáid sin faoi réir comaoín an tsoláthair a fháil roimh ré (breithiúnas an 28 Deireadh Fómhair 2021, *X-Beteiligungsgesellschaft (CBL – Íocaíochtaí comhleanúnacha)*, C-324/20, EU:C:2021:880, mír 53).
- 32 Faoi Airteagal 63 de Threoir 2006/112, beidh CBL inmhuirearaithe nuair a sholáthraítear na hearraí nó na seirbhísí, is é sin, nuair a tharlaíonn an t-idirbheart atá i gceist, gan beann ar cé acu a íocadh nó nár íocadh an chomaoín atá dlite i leith an idirbhirt sin cheana féin. Faoi Airteagal 63 den Treoir maidir le CBL, tá CBL le bheith inmhuirearaithe nuair a sholáthraítear na hearraí nó na seirbhísí, is é sin, nuair a tharlaíonn an t-idirbheart atá i gceist, gan beann ar cé acu a íocadh nó nár íocadh an chomaoín atá dlite don idirbheart sin cheana féin (breithiúnas an 28 Deireadh Fómhair 2021, *X-Beteiligungsgesellschaft (CBL – Íocaíochtaí comhleanúnacha)*, C-324/20, EU:C:2021:880, mír 54).
- 33 I gcás inar dhuine inchánach é an creidiúnaí tráth a seachadadh na hearraí nó a soláthraíodh na seirbhísí, an dáta a tharlaíonn an teagmhas inmhuirearaithe faoi Airteagal 63 den Treoir maidir le CBL agus a thagann an cháin chun bheith inmhuirearaithe, beidh an creidiúnaí fós faoi dhliteanas i leith na CBL a bhailigh an creidiúnaí sin agus a fuair sé thar ceann an Stáit, gan beann ar an bhfioras gur chaill an creidiúnaí sin a stádas mar dhuine inchánach idir an dá linn. Ina theannta sin, ós rud é gurb é an bonn cánach, mar a shainmhínítear in Airteagal 73 den Treoir maidir le CBL, an chomaoín iarbhir a fuarthas, féadfaidh an soláthróir sin, fiú tar éis dó stádas duine inchánach a chailleadh, an bonn cánach a choigeartú ionas go léireoidh sé an chomaoín iarbhir a fuarthas agus ionas nach mbaileoidh na húdaráis chánach mar CBL méid níos mó ná an méid a fuair an soláthróir sin. (féach, chuige sin, breithiúnas an 15 Deireadh Fómhair 2020, *E. (CBL – Laghdú ar an méid inchánach)*, C-335/19, EU:C:2020:829, mír 40). Dá bhrí sin, tá dlúthbhaint idir an ceart chun an méid inchánach a laghdú agus stádas an duine atá faoi dhliteanas CBL a íoc i leith an idirbhirt inchánach a bhfuil an chomaoín sin dlite ina leith.
- 34 Sa chás sna príomhimeachtaí, rinneadh dhá idirbheart a bhaineann le hidirbhearta inchánach. Bhain an chéad cheann leis an gcaidreamh tráchtála idir an fochonraitheoir agus an conraitheoir. Is éard a bhí sa dara ceann an caidreamh idir an conraitheoir agus an forbróir. Bhí an fochonraitheoir neamhábhartha don idirbheart idir an conraitheoir agus an forbróir, nach raibh rannpháirteach, óna thaobh féin de, san idirbheart idir an fochonraitheoir agus an conraitheoir.
- 35 Maidir leis an gcéad idirbheart dá dtagraítear i mír 34 thuas, agus go sonrach an cheist an gcomhlíontar an coinníoll maidir le neamhíocaíocht, a leagtar síos in Airteagal 90(1) den Treoir maidir le CBL, ní mór íocaíocht airgid agus sannadh éileamh an chonraitheora i gcoinne an fhorbróra don fochonraitheoir a chur san áireamh (féach mír 18 thuas), mar thosca ábhartha chun measúnú a dhéanamh ar cé acu a íocadh nó nár íocadh an chomaoín atá dlite i gcomhthéacs na n-idirbheart inchánach idir an fochonraitheoir sin agus an conraitheoir sin, ós

rud é gur luach saothair ann féin é sannadh den sórt sin agus go bhfuil luach eacnamaíoch aige ann féin (féach, chuige sin, breithiúnas an 9 Feabhra 2023, *Finanzamt X (Soláthairtí úinéara stábla)*, C-713/21, nár foilsíodh, EU:C:2023:80, míreanna 46 agus 47).

- 36 I ndáil leis sin, mar a luaitear i míreanna 17 agus 18 den bhreithiúnas seo, d'íoc an conraitheoir, chun na sonraisc arna n-eisiúint ag an bhfochonraitheoir dó a shocrú, ar thaobh amháin, RON 270 819,76 leis, lena n-áirítear VA agus, ar an taobh eile, don chuid eile dá fhiach de mhéid RON 1 700 000, lena n-áirítear CBL, thug sé sannadh éilimh i gcrích leis a fíordheimhníodh an 24 Iúil 2015, trína bhfuair an fochonraitheoir éileamh an chonraitheora i gcoinne an fhorbróra. Ní raibh sannadh an éilimh sin, ann féin, nasctha le híocaíocht iarbhir an éilimh ná leis an bhfíorfhéidearthacht go n-íocfadh an féichiúnaí, an forbróir, an t-éileamh amach anseo. Ina dhiaidh sin, an 31 Lúnasa 2021, thaifead an fochonraitheoir ina thaifid chuntasaíochta 'gur laghdaíodh fiachas an chonraitheora go nialas'. Mar is léir ón iarraidh ar réamhrialú, bhí na suimeanna sin, a socraíodh go cairdiúil, ag freagairt do na sonraisc go léir a d'eisigh an fochonraitheoir don chonraitheoir. Dá réir sin, shocraigh sé iomlán an fhéich tosaigh, ar RON 1 970 819,76 é, dá réir sin.
- 37 Dá bhrí sin, in imthosca amhail iad siúd atá i gceist sna príomhimeachtaí, ní mór a mheas gur socraíodh an t-éileamh i gcoinne an fhochonraitheora ina iomláine, agus mar thoradh air sin nach bhfuil aon bhunús le laghdú ar an méid inchánach don sannaí fochonraitheora.
- 38 Maidir leis an dara hidirbheart dá dtagraítear i mír 34 den bhreithiúnas seo, is léir ón iarraidh ar réamhrialú nár íoc an forbróir, a dearbhaíodh a bheith dócmhainneach i mí na Nollag 2014, leis an gconraitheoir ná, thairis sin, leis an sannaí fochonraitheora, na suimeanna a chomhfhreagraíonn do na sonraisc a bhí faoi réir an choigeartaithe a rinne an sannaí sin. Maidir leis an idirbheart sin idir an conraitheoir agus an forbróir, ní mór a mheas, dá bhrí sin, go bhfuil 'neamhíocaíocht' ann, de réir bhrí Airteagal 90(1) den Treoir maidir le CBL, lena bhféadfaí údar a thabhairt, más gá, leis an laghdú ar an méid inchánach.
- 39 Maidir leis an gceist cé a bhí i dteideal an méid inchánach a laghdú de bhun na forála sin, ba cheart a thabhairt faoi deara go raibh an conraitheoir ina dhuine inchánach tráth sholáthar na seirbhísí maoine dochorraithe atá i gceist, an dáta, i gcomhréir le hAirteagal 63 den Treoir maidir le CBL, a tharla an teagmhas inmhuirearaithe agus a tháinig an cháin chun bheith inmhuirearaithe (féach mír 33 thuas).
- 40 Dá réir sin, ar thaobh amháin, bhí an conraitheoir fós faoi dhliteanas i leith an CBL a bhí dlite don dara hidirbheart dá dtagraítear i mír 34 thuas, fiú tar éis an t-éileamh faoin dlí sibhialta a shannadh don fhochonraitheoir.
- 41 Ar an mbonn sin, ar an taobh eile, ós rud é gurb é atá sa mhéid inchánach, mar a shainmhínítear in Airteagal 73 den Treoir maidir le CBL, an chomaoín iarbhir a fuarthas (féach mír 33 thuas), bhí sé de cheart ag an gconraitheoir an méid inchánach a laghdú ar bhealach a léiríonn neamhíoc na comaoine mar gheall ar dhócmhainneacht an fhorbróra agus nach bhfaigheann an t-údarás cánach, mar CBL, méid níos mó ná an méid a bhailigh an conraitheoir. I ndáil leis sin, mar a luann an chúirt a rinne an tarchur freisin ina hiarraidh ar réamhrialú, maidir leis an éileamh arna shannadh (féach mír 36 thuas), is é soláthróir na seirbhísí, a raibh sé de cheangal ar an bhforbróir praghas a íoc ina leith, an conraitheoir, a bhí ina dhuine inchánach tráth a soláthraíodh na seirbhísí, is é sin le rá, an dáta a tharla an teagmhas inmhuirearaithe agus a tháinig an cháin chun bheith inmhuirearaithe.

- 42 Sa chás sna príomhimeachtaí, d'eascair an fhéidearthacht go ndéanfaidh an conraitheoir an méid inchánach a choigeartú as dearbhú dócmhainneachta an fhorbróra, agus ina dhiaidh sin é a bhaint den chlár tráchtála (féach míreanna 16 agus 19 thuas), gan a oibleagáidí airgeadais i leith an chonraitheora a eascraíonn as a chaidreamh gnó a bheith comhlíonta aige, agus gan aon chuid d'eastát dócmhainneachta an fhorbróra a fháil mar íocaíocht ar an éileamh atá i seilbh an chonraitheora. Dá bhrí sin, mar a luaitear san iarraidh ar réamhrialú, bhí neamhíocaíocht an fhorbróra cinntitheach ós rud é go raibh an t-éileamh do-aisghabhála go cinntitheach.
- 43 Ina theannta sin, ba cheart a thabhairt faoi deara, ar an gcéad dul síos, go bhfaightear stádas an duine faoi dhliteanas i leith CBL a íoc faoi na forálacha cánach is infheidhme agus nach bhfuil aon fhoráil sa Treoir maidir le CBL lena bhforáiltear don fhéidearthacht an stádas sin nó an ceart chun coigeartaithe a aistriú le comhaontú arna rialú ag an dlí príobháideach, amhail éileamh a shannadh.
- 44 Thairis sin, rialaítear an cheist maidir le cé hé an duine inchánach atá i dteideal laghdú ar an méid inchánach chun críocha CBL le dlí CBL an Aontais, beag beann ar na rialacha náisiúnta lena rialaítear sannadh fiach faoin dlí sibhialta (féach, chuige sin, breithiúnas an 9 Feabhra 2023, *Eurler Hermes*, C-482/21, EU:C:2023:83, mír 42).
- 45 Ar an taobh eile, ní mór an ceart chun coigeartú a dhéanamh ar an méid inchánach a mheas mar cheart gaolmhar nó coimhdeach i ndáil le dliteanas cánach an duine inchánach atá faoi dhliteanas i leith CBL a íoc agus i ndáil lena cheart nó lena ceart aisíocaíocht CBL a íocadh go cuí a éileamh.
- 46 Sna himthosca sin, ní fhéadfaidh sé a bheith d'éifeacht ag sannadh éilimh oibleagáid an chreidiúnaí a aistriú, atá cláraithe mar dhuine inchánach chun críocha CBL ar lá seachadta na n-earraí nó sholáthar na seirbhísí, an CBL atá dlite i leith an idirbhirt sin a íoc ná a cheart an méid inchánach *a posteriori* a choigeartú chun faoiseamh a thabhairt dó féin óna fhiacha cánach go léir nó ó chuid díobh (féach, de réir analaí, breithiúnas an 15 Deireadh Fómhair 2020, *E. (CBL) – Laghdú ar an méid inchánach*), C-335/19, EU:C:2020:829, míreanna 33, 40 agus 41).
- 47 Dá bhrí sin, in imthosca amhail imthosca na díospóide sna príomhimeachtaí, ní féidir leis an sannaí fochonraitheora an ceart chun an méid inchánach CBL a laghdú, dá bhforáiltear in Airteagal 90(1) den Treoir maidir le CBL, a fheidhmiú, nach bhfuil stádas duine inchánach atá faoi dhliteanas íocaíochta aige i leith an dara hidirbheart dá dtagraítear i mír 34 thuas.
- 48 Thairis sin, tá an léiriú sin comhsheasmhach le prionsabal na neodrachta fiosaí, atá ina dhlúthchuid den chomhchóras CBL, lena bhféachtar leis an duine inchánach a dhíolmhú go hiomlán ó ualach CBL is iníoctha nó a íoctar le linn a ghníomhaíochtaí eacnamaíocha go léir (féach, chuige sin, breithiúnas an 9 Feabhra 2023, *Euler Hermes*, C-482/21, EU:C:2023:83, mír 44; féach freisin, de réir analaí, breithiúnas an 26 Samhain 2020, *Sögarð Fastigheter*, C-787/18, EU:C:2020:964, míreanna 52 go 54).
- 49 Dá bhrí sin, ní féidir a mheas, i bhfianaise dhlí CBL an Aontais agus gan beann ar na rialacha náisiúnta lena bhféadfaí sannadh éileamh faoin dlí sibhialta a rialú, go bhféadfar sannaí fochonraitheora a shainaithint mar an duine inchánach atá i dteideal, maidir leis an éileamh arna shannadh a thagann faoi raon feidhme an phríomhchaidrimh chonarthaigh, a bhaineann le hoibreacha foirgníochta, idir an conraitheoir agus an forbróir, nach raibh sé rannpháirteach ann, laghdú a fháil ar an méid inchánach chun críocha CBL faoi Airteagal 90(1) den Treoir maidir le CBL.

- 50 I bhfianaise an mhéid sin roimhe seo, is é an freagra ar cheist na cúirte a rinne an tarchur nach mór Airteagal 90(1) den Treoir maidir le CBL a léiriú sa chaoi go gcuirtear cosc ar fhochonraitheoir, a fuair an t-éileamh a bhí ag conraitheoir i gcoinne forbróir faoi chonradh oibreacha trí shannadh, an méid inchánach CBL a choigeartú i gcás nach n-íocann an forbróir sin an t-éileamh sin.

Costais

- 51 Ós rud é, a mhéid a bhaineann sé leis na páirtithe sna príomhimeachtaí, go bhfuil na himeachtaí mar chéim sa chás os comhair na cúirte náisiúnta, baineann ceist na gcostas leis an gcúirt sin. Níl na costais a tabhaíodh trí bharúlacha a cuireadh faoi bhráid na Cúirte, seachas costais na bpáirtithe sin, inghnóthaithe.

Ar an bhforas sin,

rialáíonn an Chúirt Ghinearálta (an Dara Dlísheomra, ina bhfuil cúigear Breithiúna ina suí)

mar seo a leanas:

Maidir le hAirteagal 90(1) de Threoir 2006/112/CE ón gComhairle an 28 Samhain 2006 maidir leis an gcomhchóras cánach breisluacha,

ní mór léiriú a dhéanamh mar seo a leanas:

cuirtear cosc leo ar fhochonraitheoir, tar éis dó an t-éileamh a bhí ag conraitheoir i gcoinne forbróir faoi chonradh oibreacha a shannadh, an méid inchánach don cháin bhreisluacha a choigeartú i gcás nach n-íocann an forbróir an fiach sin.

Póltorak

Hesse

Steinfatt

Petrлік

Dimitrakopoulos

Arna thabhairt i gcúirt oscailte i Lucsamburg, an 22 Aibreán 2026.

Sínithe